

An Beartas um Chosaint Leanaí

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



2020

Clár na nÁbhar:

- Cuid 1** Tús Eolais ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Cuid 2** Ráiteas um Chosaint Leanaí
- Cuid 3** Cód Iompair do bhaill foirne
- Cuid 4** Nósanna Imeachta Tuairiscithe
- Cuid 5** Ráiteas rúndachta
- Cuid 6** Baill foirne a earcú agus a roghnú
- Cuid 7** Baill foirne a bhainistiú agus a mhaoirsiú
- Cuid 8** Rannpháirtíocht príomhchúramóirí
- Cuid 9** Plé le líomhaintí in aghaidh baill foirne
- Cuid 10** Nósanna imeachta déanta gearán agus tráchtanna
- Cuid 11** Nós imeachta timpiste
- Cuid 12** Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Cuid 1

Tús Eolais ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an Leabharlann) leabharlann taifid na hÉireann, a bunaíodh in 1877; is buan atá ár mbailiúcháin agus tá fáil ag cách orthu. Is é an misean atá againn ná an t-ábhar go léir is oidhreacht liteartha agus oidhreacht dhoiciméadach na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a roinnt, is cuma cén cineál ábhair atá ann.

Táimid ag cothú taighde, foghlama, díospóireachta agus éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann ón gcéad lá riamh, agus ag tacú leo freisin. Is é is aidhm lenár gclár rannpháirtíochta ná caidreamh a chothú lena oiread daoine agus is féidir trínár n-acmhainní ar líne, seomraí léitheoireachta, imeachtaí, taispeántais agus cláir foghlama.

Fís

Scéal na hÉireann a roinnt trí mheán na mbailiúchán faoi léith atá againn

Treoirphrionsabail

Fáilteach agus cabhrach

- ♦ Dúthracht a chaitheamh le seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcuid úsáideoirí agus cuairteoirí

Oscailte, cothrom agus ionchuimsitheach

- ♦ Na bailiúcháin atá againn a roinnt le cách

Tacúil agus comhoibríoch

- ♦ Tacú le foghlaim agus dul i gcomhar le comhpháirtithe le cláir a chur ar fáil atá idir spéisiúil, fhaisnéiseach agus spreagúil.

Cuid 2 – Ráiteas um Chosaint Leanaí

Táimidne, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, tiomanta do chur chuige leanbhlaraithe i ngach a ndéanaimid le leanaí* agus le daoine óga. Geallaimid timpeallacht agus eispéireas sábháilte a chur ar fáil, chomh maith le gníomhaíochtaí spreagúla, taitneamhacha ina dtugtar tús áite do leas an linbh/an duine óig. Cloíimid leis na moltaí atá in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017*, arna fhoilsiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Is ráiteas é an Beartas um Chosaint leanaí ar ghealltanais na Leabharlainne go gcoinneofar leanaí agus daoine óga slán sábháilte agus go dtuairisceofar aon ní is údar imní maidir lena leas. Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta maidir leis an gcaoi a ndéanfar an méid sin san eagraíocht.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a chlúdaíonn na réimsí seo a leanas:

- Cód iompair do bhaill foirne
- Nósanna imeachta maidir le mí-úsáid amhrasta nó nochtaithe a thuairisciú
- Rúndacht
- Earcaíocht agus roghnúchán foirne
- Foireann a Bhainistiú agus a Mhaoirsiú
- Duine Ainmnithe a dhéanann plé le saincheistanna cosanta leanaí
- Rannpháirtíocht príomhchúramóirí
- Líomhaintí mí-iompair nó mí-úsáide in aghaidh baill foirne
- Gearáin agus tráchtanna
- Teagmhais agus timpistí.
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo an 1 Eanáir 2022

Síniú: _____
(Sandra Collins thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Dáta: _____

*Sonraítear san Acht um Chúram Leanaí, 1991 gurb é is brí le "leanbh" ná aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta (alt 2.1).

Cuirtear san áireamh sna nósanna imeachta an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus an leagan leasaithe de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*, a foilsíodh in 2017

Cuid 3 – Cód Iompair do Bhaill Foirne

Déantar an cód iompair a chatagóiriú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cur chuige leanbháraithe
 - Dea-chleachtas
 - Iompar míchuí
 - Teagmháil fhisiceach
 - Sláinte agus Sábháilteacht
 - Rannpháirtíocht Dhigiteach
- Tá cód iompair don fhoireann, lena n-áirítear oibrithe deonacha, ina chuid dár mbeartas um chosaint leanaí.
 - Tá cód iompair againn maidir le leanaí agus daoine óga.
 - Tá beartas frithbhulaíochta againn.
 - Ina theannta sin, iarraidimid ar thuismitheoirí/chaomhnóirí cloí le bearta áirithe le sábháilteacht a leanaí a chinntiú (féach thíos).

Cloífidh baill foirne na Leabharlainne le dea-chleachtais oibre lena chinntiú go bhfanfaidh gach leanbh slán sábháilte agus go mbeidh idirghníomhaíocht fhabhrach aige nó aici leis an Leabharlann agus é nó í ag glacadh páirt i gclár oideachais dár gcuid nó ag tabhairt cuairt ar shaoráidí dár gcuid. Ní mór do gach ball foirne a thagann i dteagmháil le leanaí mar chuid dá lá oibre cur chuige leanbháraithe a ghlacadh.

Cur Chuige Leanbháraithe

- Caitheamh le gach leanbh agus duine óg mar a chéile
- Éisteacht le leanaí agus daoine óga agus meas a léiriú dóibh
- Deis a thabhairt do leanaí agus daoine óga a bheith páirteach i gcinnteoireacht, de réir mar is iomchuí
- Spreagadh, tacaíocht agus moladh a thabhairt (beag beann ar chumas)
- Teanga chuí a úsáid (comharthaíocht choirp agus teanga ó bhéal)
- Spraoi a bheith agat agus atmaisféar dearfach a spreagadh
- Léirmheastóireacht chuiditheach a thairiscint nuair is gá
- Caitheamh le gach leanbh agus duine óg mar dhuine aonair
- Meas a bheith agat ar spás pearsanta linbh nó duine óig;
- Plé a dhéanamh leis na leanaí agus na daoine óga, chomh maith lena bpríomhchúramóirí, ar céard is mí-iompar ann agus ar na pionóis ghaolmhara, de réir mar is iomchuí
- ‘Conradh’ grúpa a chomhaontú roimh thús a chur leis an seisiún
- Fáilte a chur roimh aiseolas ón ngrúpa
- Úsáid a bhaint as áiseanna agus ábhair theagaisc atá oiriúnach ó thaobh aoise de
- Teorainneacha an linbh nó an duine óig ó thaobh cumais de a choinneáil i gcuimhne, mar gheall ar riocht leighis, cuir i gcás
- Atmaisféar muiníne a chruthú
- Meas a léiriú ar dhifríochtaí cumais, cultúir, reiligiúin, cine agus gnéaschlaonta
- An uileghabhálacht a chur i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí go léir

- Fáilte a chur roimh aiseolas nuair is iomchuí

Dea-chleachtas

- Gach leanbh agus gach príomhchúramóir (Tuismitheoir/Múinteoir/Duine fásta atá in éineacht leis/léi) a chlárú de réir mar is iomchuí
- An Beartas agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a chur ar a súile do phríomhchúramóirí, do leanaí agus do dhaoine óga, do chuariteoirí agus d'éascaitheoirí;
- Nósanna imeachta éigeandála a bheith i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin;
- Cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh i leith leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- Pleanáil agus a bheith ullamh go leor, go meabhrach agus go fisiciúil;
- Aon ní is údar imní a thuairisciú don Duine Ainmnithe agus na nósanna imeachta tuairiscithe a leanúint;
- Ba cheart go mbeadh beartas frithbhulaíochta ag eagraíochtaí. Leanaí agus daoine óga a spreagadh le haon chásanna bulaíochta nó aon ní is údar imní nó buartha a thuairisciú, agus a bheith feasach ar an mbeartas frithbhulaíochta;
- A bheith gléasta go cuí agus tú féin a iompar ar bhealach cuí;
- Cleachtais oibre a mheas ar bhonn rialta;
- Oiliúint chuí a chur ar fáil do bhaill foirne (agus d'oibrithe deonacha, más infheidhme);
- Aon teagmhais agus timpistí a thuairisciú agus a thaifeadadh;
- Beartais agus nósanna imeachta a nuashonrú agus a athbhreithniú go rialta;
- Príomhchúramóirí a chur ar an eolas faoi aon ní a thagann aníos maidir lena gcuid leanaí;
- Maoirseacht chuí a chinntiú bunaithe ar chóimheasa leordhóthanacha de réir aoise, cumais agus na ngníomhaíochtaí atá i gceist;
- Ná bí éighníomhach maidir le nithe is údar imní, i.e., ná 'déan dada';
- Ná lig d'fhadhb imeacht ó smacht;
- Ná tóg seisiún i d'aonair. Mura mbeidh aon dul as, déan cinnte de go bhfaighfear cead ó na príomhchúramóirí ar dtús agus go mbeidh siad ar an láneolas faoi.
- Ná tabhair síob do leanbh/do dhuine óg in aon chás
- Bí feasach maidir leis an teanga a úsáidfear agus na tráchtanna a dhéanfar. Má cheapann tú go bhféadfadh sé gur chuir tú isteach ar dhuine nó gur mhaslaigh tú é nó í ar bhealach éigin, tabhair aghaidh air ar bhealach íogair.

Iompar míchuí

- Déan gach iarracht gan an iomarca ama a chaitheamh i d'aonar le leanaí/daoine óga
- Níor cheart do bhaill foirne/éascaitheoirí na Leabharlainne dul isteach sna leithris in éineacht le leanbh. Is ar an duine fásta/ar an tuismitheoir/ar an múinteoir atá in éineacht leis nó léi atá an fhreagracht sin.
- Ná húsáid agus ná ceadaigh teanga mhaslach ná claontagairtí gnéis, bídís ina gcomharthaíocht choirp nó ina dteanga ó bhéal
- Ná píos amach leanbh/duine óg ar leith le fabhar a thabhairt dó nó di, le cáineadh a dhéanamh air nó uirthi, le magadh faoi nó fúithi ná le fócas nó aird nach bhfuil fáilte roimpi a tharraingt air nó uirthi
- Ná ceadaigh aon tadhall míchuí d'aon fhoirm agus ná déan aon tadhall den sórt sin
- Ná buail leanaí/daoine óga agus ná cuir pionós fisiciúil orthu
- Ná buail le leanaí/daoine óga ar bhealach míchuí, m.sh., taobh amuigh de ghníomhaíochtaí struchtúrtha na Leabharlainne
- Ná bí i dteagmháil le daoine óga trí na meáin shóisialta
- Má dhéanann leanbh líomhaintí, déan cinnte de go dtaiheadfar iad

Teagmháil fhisiceach

- Níor chóir go mbeadh aon teagmháil fhisiciúil gan ghá ná teagmháil fhisiciúil mhíchuí ann idir ball foirne agus leanbh
- Faigh cead ón leanbh/duine óg maidir le haon teagmháil fhisiciúil (ach amháin i gcás éigeandála nó i gcás contúirteach)
- Ná lig do leanaí a bheith ag pleidhcíocht

Sláinte agus Sábháilteacht

- Ná fág leanaí ina n-aonar ná gan mhaoirsiú;
- Bainistigh aon ábhair chontúirteacha i gceart;
- Cuir timpeallacht shábháilte ar fáil;
- Bí ar an eolas faoi nós imeachta timpiste na Leabharlainne agus cloígh leis dá réir sin;
- Teastaíonn measúnú riosca atá oiriúnach don ghníomhaíocht atá i gceist

Rannpháirtíocht Dhigiteach na Leabharlainne

Nuair a bhíonn baill foirne de chuid na Leabharlainne ag idirghníomhú le leanaí ar líne nó go digiteach, is é an prionsabal a bhíonn i bhfeidhm ná gur síneadh leis an spás fisiciúil é an spás ar líne. Ba cheart measúnú iomlán riosca a dhéanamh i ndáil le gach gníomhaíocht lena chinntiú go gcloífear leis an mbeartas um chosaint leanaí agus le beartais ábhartha eile, lena n-áirítear beartais um chosaint sonraí. Agus iad ag obair go digiteach, ba cheart do bhaill foirne cloí i gcónaí leis an gcód iompair céanna agus leis na nósanna imeachta agus na beartais tuairiscithe céanna agus a leagtar amach sa bheartas seo. (Aguisín 1)

Ba cheart do gach ball foirne agus gach éascaitheoir/ealaíontóir atá ar cuairt chuig an Leabharlann cloí leis an gCód Iompair seo.

Cuid 4 – Nósanna Imeachta Tuairiscithe

Rinneadh foráil **san Acht um Thús Áite do Leanáí, 2017** go gceanglófaí ar phríomhghairmithe áirithe nithe is údar imní maidir le leas agus cosaint leanaí a thuairisciú do

Tusla – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Is éard is daoine sainordaithe ann ná daoine a dtagann i dteagmháil le leanaí agus, trí bhíthin na gcáilíochtaí, na hoiliúina agus/nó an róil fostaíochta atá acu, atá in áit thábhachtach le leanaí a chosaint ó dhíobháil. Faoin reachtaíocht, ceanglaítear ar dhaoine sainordaithe aon eolas, creideamh nó amhras réasúnta a thuairisciú go ndearnadh díobháil do leanbh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí dochar dó nó di. Na ceithre shainmhíniú ar dhíobháil mar a shainmhínítear san Acht iad, is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- faillí,
- mí-úsáid/drochíde mhothúchánach,
- mí-úsáid fhisiciúil
- mí-úsáid ghnéis.

Tá Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha le plé a dhéanamh le ceisteanna a bhaineann le cosaint agus leas leanaí sa Leabharlann Náisiúnta. Tá oiliúint chúí curtha ag an mbeirt acu. Is é an Teagmhálaí Ainmnithe an príomhphointe teagmhála i gcás go mbeidh aon ní is údar imní ann maidir le gné ar bith de shábháilteacht agus leas linbh. Tá sé de fhreagracht ar an duine sin: comhairle a chur ar bhaill foirne maidir le beartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí agus a chinntiú go gcloítear leis na nósanna imeachta, tacú le baill foirne agus comhairle a chur orthu i gcás aon ní is údar imní maidir le cosaint agus leas leanaí agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó leis an nGarda Síochána nuair is cuí.

Is í Brid O’Sullivan an Duine Ainmnithe faoi láthair. Is í Katy Lumsden an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe.

Nithe b’údar réasúnach imní

- Léiriú sonrach ón leanbh nó ón duine óg go ndearnadh mí-úsáid air nó uirthi;
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh agus mí-úsáid á déanamh air nó uirthi;
- Fianaise, mar shampla gortú nó iompar, atá ag teacht le mí-úsáid agus is beag seans a raibh aon rud eile ina cúis leis
- Gortú nó iompar a bhféadfadh mí-úsáid nó rud éigin neamhurchóideach a bheith taobh thiar de, ach táscairí comhthacaíochta ann a thacódh leis an imní go bhféadfadh sé a bheith ina chás mí-úsáide {mar shampla, patrún gortuithe, míniú dochloíte, comharthaí eile mí-úsáide, iompar mífhéidhmiúil;}

Nósanna Imeachta Taifeadta

Tá córas agus meicníocht i bhfeidhm sa Leabharlann Náisiúnta i gcomhair nithe is údar imní maidir le cosaint leanaí agus daoine óga a thaifeadadh. Coinníonn Ceannasaí na Rannóige Acmhainní Daonna loga teagmhas agus stóráiltear gach taifead san oifig acmhainní daonna.

Ba cheart do bhaill foirne an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh maidir le leanaí agus daoine óga:

- Amhras
- Nithe is údar imní
- Nithe a fheictear is cúis bhuartha
- Athruithe iompraíochta
- Ba cheart gníomhartha agus torthaí a logáil

Plé le nochtadh

Má thagann leanbh nó duine óg chugat le nochtadh de chineál ar bith, ba cheart duit an chomhairle thíos a leanúint le cabhrú leat freagairt go cuí:

- Coinnigh guaim ort féin agus éist leis an leanbh/duine óg, tabhair dó nó di a d(h)óthain ama leis an méid atá le rá aige nó aici a rá
- Ná cuir treoircheisteanna agus ná gríosaiigh an té le sonraí a thabhairt

- Cuir an leanbh/duine óg ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair gealltanas ar bith go gcoinneofar aon rud faoi rún
- Ná cuir ar an leanbh/an duine óg na sonraí a rá arís gan ghá
- Mínigh don leanbh/don duine óg a dtarlóidh ina dhiaidh sin (ba chóir go mbeadh an míniúchán oiriúnach d'aois an linbh)

An chaoi le nithe is údar imní/nochtuithe a thuairisciú

Éilítear ar gach ball foirne aon ní is údar imní nó aon nochtadh a dhéantar leo maidir le cosaint leanaí a thuairisciú; agus ba cheart cloí leis na prionsabail seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh na nósanna imeachta tuairiscithe ar eolas ag cách agus fáil éasca orthu
- Ba cheart don duine a bhfuil an imní air nó uirthi tuairisc chomhaid a chomhlánú, ina mbeidh breac-chuntas ar an scéal, an dáta, an t-am agus na daoine a bhfuil baint acu leis an imní/nochtadh. Ba cheart go mbeadh an tuairisc fíorasach. Aon tuairimí a thugtar, ba cheart a lua nach iontu ach tuairimí agus ba cheart go mbeadh faisnéis fhíorasach mar bhonn fúithi.
- Ba cheart gníomhartha agus torthaí a bhreacadh síos.
- Ba cheart an cás a chur faoi bhráid an Duine Ainmnithe ansin, nó an Leas-Duine Ainmnithe i gcás nach mbeidh sé nó sí ar fáil.

Tuairisciú Foirmiúil

- Is é ról an Duine Ainmnithe nó an Leas-Duine Ainmnithe aon ní is údar imní a thuairisciú go foirmiúil
- Déanfaidh an Duine Ainmnithe cinneadh ansin an ní is údar imní a phlé nó dul i gcomhairle leis na príomhchúramóirí. Ba cheart tuismitheoirí, cúramóirí nó daoine fásta freagracha a chur ar an eolas faoi thuairisc chuig Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach ar chuntar nach gcuirfeadh sé sin an leanbh/an duine óg i mbaol breise
- Féadfaidh an Duine Ainmnithe teagmháil a dhéanamh le Rannóg Oibre Sóisialta ar Dualgas Tusla le haghaidh comhairle neamhfhoirmiúil sula ndéanfaidh sé nó sí an tuairisc.
- Roinnfear eolas ar bhonn riachtanas eolais
- Má tá forais réasúnta imní ann mar atá leagtha amach thuas, úsáidfí an Duine Ainmnithe an fhoirm chaighdeánach thuairiscithe atá ar fáil ón Tusla le teagmháil a dhéanamh leis an Oibrí Sóisialta ar Dualgas sa limistéar ábhartha Tusla. Is féidir tuairiscí a thabhairt don Oibrí Sóisialta ar Dualgas ar dtús agus an fhoirm chaighdeánach thuairiscithe a chomhlánú ansin. Ba cheart tuairiscí a thabhairt do Tusla gan mhoill.
- Is féidir tuairisc a thabhairt do Tusla go pearsanta agus ar an teileafón tríd an Oibrí Sóisialta ar Dualgas um Chosaint Leanáí (sa cheantar a bhfuil cónaí ar an leanbh). Tar éis tuairisc ó bhéal a thabhairt, ba cheart an fhoirm thuairiscithe um Chosaint agus Leas Leanáí a chomhlánú.
- Mura mbeidh fáil ar an Duine Ainmnithe ná ar an Leas-Duine Ainmnithe, déan teagmháil dhíreach leis an Oibrí Sóisialta ar Dualgas sa cheantar nó le Tusla.
- I gcásanna éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre Rannóg Oibre Sóisialta Tusla, déan teagmháil leis an nGarda Síochána. I gcás go bhféadfadh sábháilteacht linbh/duine óig

a bheith i mbaol láithreach, b'fhéidir go gcaithfí teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.

Cuid 5 – Ráiteas Rúndachta

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do chearta an duine chun rúndachta a urramú. Maidir le cosaint agus leas leanaí, áfach:

- Tugaimid ár bhfocal nach gcuirfear eolas ar aghaidh ach ar bhonn riachtanais eolais amháin d'fhonn an leanbh/an duine óg a chosaint
- Ní sárú rúndachta é faisnéis den sórt sin a thabhairt do dhaoine eile d'fhonn leanbh nó duine óg a chosaint
- Ní féidir linn rúndacht iomlán a áirithiú i gcás go bhfuil leas an linbh/an duine óig i mbaol
- Tá sé de cheart ag príomhchúramóirí, leanaí agus daoine óga a bheith ar an eolas i gcás go bhfuil faisnéis phearsanta á roinnt agus/nó go bhfuil tuairisc á tabhairt do Tusla, ach amháin más rud é go bhféadfaí an leanbh/duine óg a chur i mbaol breise
- Ní úsáidfear íomhánna de leanbh/de dhuine óg ar chúis ar bith gan toiliú an tuismitheora/an chúramóra a fháil roimh ré (mar sin féin, ní féidir linn ár bhfocal a thabhairt nach n-úsáidfear ceamaraí/físeáin ag léirithe poiblí)
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir leis an gcaoi ar ceadmhach don Leabharlann íomhánna de leanaí/de dhaoine óga a úsáid
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le faisnéis a thaifeadadh agus a stóráil de réir ár mbeartais rúndachta

Cuid 6 – Baill foirne a earcú agus a roghnú

Ráiteas Beartais um Earcú agus Roghnú

Cinnteoimid go roghnófar an fhoireann go cúramach, go gcuirfear oiliúint orthu agus go ndéanfar maoirseacht orthu le timpeallacht shlán shábháilte a chur ar fáil do gach leanbh agus duine óg. Leis an méid sin a dhéanamh, cloífimid leis na prionsabail seo a leanas:

- Déanfar na ról agus na freagrachtaí a bheidh i gceist le gach post (íoctha nó deonach) a shainmhíniú go soiléir;
- Fógrófar poist go forleathan;
- Déanfaimid ár ndícheall an duine a bhfuil na cáilíochtaí is cuí aige nó aici a roghnú;
- Beidh ar iarrthóirí foirm iarratais a chomhlánú;
- Iarrfar ar iarrthóirí foirm dearbhaithe dea-charachtair a shíniú;
- Beidh ar a laghad dhá theistiméireacht ábhartha, neamhspleácha a eisíodh le déanaí ag teastáil. Deimhneofar ó bhéal iad;
- Roghnóidh painéal de bheirt ionadaithe ar a laghad (nó níos mó) an ball foirne trí phróiseas agallaimh;

Ní fhostófar aon duine a mheastar a bheith ina 'riosca';

Is iad seo a leanas cuid de na critéir eisiata a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

- Aon chiontú i gcion a bhaineann le leanaí
- Diúltú an fhoirm iarratais agus an fhoirm dhearbhaithe a shíniú

- Gan dóthain fianaise aitheantais dhoiciméadach a bheith ar fáil
- Faisnéis a cheilt maidir le hoiriúnacht le bheith ag obair le leanaí;

Beidh tréimhse phromhaidh bhliana i gceist.

Beidh ar gach ball foirne dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Cuid 7 – Baill foirne a bhainistiú agus a mhaoirsiú

Ráiteas beartais um bhaill foirne a bhainistiú

Le baill foirne (idir íoctha agus deonach) agus leanaí/daoine óga araon a chosaint, tugaimid ár bhfocal:

Maidir le baill foirne nua:

- Go bhfaighidh siad seisiún oiliúna ionduchtaithe
- Go gcuirfead ar an eolas iad faoi chód iompair agus nósanna imeachta um chosaint leanaí na heagraíochta, chomh maith le hainm agus ról na ndaoine atá ainmnithe le plé le nithe is údar imní
- Go mbeidh orthu tréimhse phromhaidh bhliana a shásamh.

Maidir leis na baill foirne go léir:

- Go ndéanfar leibhéal leordhóthanach maoirseachta agus athbhreithnithe ar a gcuid cleachtas oibre
- Go mbeidh orthu an Ráiteas Beartais um Chosaint Leanaí a léamh agus a shíniú
- Go gcuirfead oiliúint um chosaint leanaí air nó uirthi.

Ina theannta sin, maidir le baill foirne a oibríonn le leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha:

- Go gcuirfead oiliúint um chosaint leanaí air nó uirthi.

Cuid 8 – Rannpháirtíocht príomhchúramóirí

Ráiteas beartais um rannpháirtíocht príomhchúramóirí

Caithfimid dúthracht le bheith oscailte le gach príomhchúramóir

Tugaimid ár bhfocal:

- Go gcuirfimid príomhchúramóirí ar an eolas faoinár mbeartas um chosaint leanaí
- Go gcuirfimid príomhchúramóirí agus scoileanna ar an eolas faoi gach gníomhaíocht agus gach gníomhaíocht fhéideartha
- Go n-eiseoidimid foirmeacha teagmhála/toilithe nuair is cuí
- Go gcloífimid le cleachtais sláinte agus sábháilteachta
- Go ndéanfaimid beartais leanbhlaraithe a oibriú de réir an dea-chleachtais
- Go gcloífimid lenár dtreoiríní earcaíochta
- Go gcinnteoidimid, chomh fada agus is féidir, go mbeidh na gníomhaíochtaí oiriúnach d'aois na leanaí
- Go ndéanfaimid rannpháirtíocht tuismitheoirí, cúramóirí agus daoine fásta freagracha a spreagadh agus a éascú, nuair is cuí.

Má bhíonn imní orainn faoi leas an linbh/an duine óig:

- Freastalóimid ar riachtanais an linbh nó an duine óig
- Cuirfimid na príomhchúramóirí ar an eolas ach amháin dá gcuirfí an leanbh nó an duine óg i mbaol breise dá bharr sin
- I gcás go mbeidh nithe is údar imní ann maidir le cosaint agus leas leanaí, beidh sé de dhualgas orainn iad sin a chur ar aghaidh chuig an Oibrí Sóisialta ar Dualgas agus, i gcás éigeandála, chuig na Gardaí.
- I gcás gearán in aghaidh ball foirne, cinnteoidimid sábháilteacht an linbh/an duine óig láithreach bonn agus cuirfimid na príomhchúramóirí ar an eolas de réir mar is cuí

Mar eagraíocht leanbhlaraithe, caithfimid dúthracht le tús áite a thabhairt do leas an linbh/an duine óig. Chuige sin:

- Déanfaimid teagmháil le Tusla agus leis an nGarda Síochána nuair is ann do ní is údar imní maidir le leas cosanta leanaí
- Déanfaimid príomhchúramóirí a spreagadh le dul i gcomhar linn de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach ag ár n-eagraíocht d'fhonn sábháilteacht a leanaí a chinntiú
- Beidh fáil ag príomhchúramóirí ar dhuine teagmhála ainmnithe le haghaidh comhairle má bhíonn aon imní orthu maidir le leas linbh nó duine óig.

Cuid 9 – Plé le líomhaintí in aghaidh baill foirne

I gcás go ndéanfar líomhaintí in aghaidh fostaí, is tábhachtaí ná aon rud eile cosaint an linbh/an duine óig.

Tá freagracht ar an Leabharlann i leith an linbh/an duine óig agus an fhostaí araon. Ní bheidh an duine céanna freagrach as plé a dhéanamh le ceisteanna leasa leanaí/daoine óga agus leis na ceisteanna fostaíochta.

Ba cheart líomhain in aghaidh fostaí a mheas go pras cúramach. Má tá forais réasúnta imní ann, ba cheart tuairisc fhoirmiúil a thabhairt do Tusla. Leanfar na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCuid 4 de na treoirlínte seo. Coinneoidh an Leabharlann i ndlúth-theagmháil le Tusla agus leis an nGarda Síochána

Cloífidh an Leabharlann lena Cód Cleachtais Araíonachta.

Plé le líomhaintí in aghaidh baill foirne

Is ann do dhá nós imeachta ar leith a chaithfear a leanúint:

1. Maidir leis an leanbh/an duine óg, déanfaidh an Duine Ainmnithe plé le ceisteanna a bhaineann leis an leanbh/an duine óg.

2. Maidir leis an duine a ndearnadh an líomhain ina (h)aghaidh, déanfaidh Ceannasaí na Rannóige Acmhainní Daonna plé le ceisteanna a bhaineann leis an mball foirne.

- Is tábhachtaí ná aon rud eile a chinntiú nach bhfágfar aon leanbh ná duine óg i mbaol gan ghá;
- Má dhéantar líomhaintí in aghaidh an Duine Ainmnithe, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an Leas-Duine Ainmnithe;
- Leanfar na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCuid 4 de na treoirlínte seo.
- Déanfar plé leis na príomhchúramóirí agus leis an leanbh/an duine óg araon ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois;

- Cuirfear an ball foirne ar an eolas chomh luath agus is féidir de réir Bheartas Bulaíochta agus Ciaptha na Leabharlainne
 - Faoi nádúr na líomhna
 - Agus tabharfar deis dó nó di freagra a thabhairt uirthi

Cuirfear idir Chathaoirleach agus Stiúrthóir na Leabharlainne ar an eolas chomh luath agus is féidir.

Aon ghníomh a dhéanfar tar éis líomhain mhí-úsáide a fháil in aghaidh fostaí, déanfar i gcomhairle le Tusla agus leis an nGarda Síochána é.

Tar éis dul i gcomhairle amhlaidh, cuirfidh Cathaoirleach agus/nó Stiúrthóir na Leabharlainne comhairle ar an duine a ndearnadh an líomhain ina (h)aghaidh agus leanfar nósanna imeachta comhaontaithe.

Cuid 10 – Nósanna imeachta déanta gearán agus tráchtanna

Is é Seán Holly, Ceannasaí na Rannóige Acmhainní Daonna, a dhéanfaidh aon ghearán nó trácht maidir le Cosaint Leanaí a dhéantar leis an Leabharlann a bhainistiú.

Is í Bríd O’Sullivan a bheidh freagrach as gearáin/tráchtanna a chur ar aghaidh chuig Seán Holly, Ceannasaí na Rannóige Acmhainní Daonna.

I gcás gearán/trácht ó bhéal, iarrfar ar an duine an gearán/trácht a chur i scríbhinn ina dhiaidh sin agus tabharfar freagra air laistigh de choicís tar éis a fhála.

Cuid 11 – Nós Imeachta Timpiste

Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ag an Leabharlann. Tá na nósanna imeachta le leanúint i gcás timpiste curtha i dtoll chéile.

Nós Imeachta Timpiste

Cláróidh an eagraíocht sonraí teagmhála gach príomhchúramóra linbh/duine óig a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí/chláir sa Leabharlann;

Déanfar sonraí leanaí/daoine óga a chrostagairt idir leabhar an teagmhais agus an comhad;

Tá fáil ar bhoscaí garchabhrach agus déantar iad a athstocáil go rialta;

Is eol don fhoireann cá bhfuil na boscaí garchabhrach;

Tá garchabhair ar fáil de réir Threoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta na Leabharlainne; Tá foirmeacha timpiste/teagmhais ar fáil ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta.

Bainfidh úsáid as ábhair saor ó riosca sna cláir/ghníomhaíochtaí a chuirimid ar siúl do leanaí/dhaoine óga.

Déantar gach timpiste/teagmhas a thairgeadh agus a imscrúdú de réir riachtanais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Cuid 12 – Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

De réir an Achta um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gach nós imeachta le éascú do bhaill foirne

a oibríonn le leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána nuair is gá. Ba cheart gach ceist faoin nós imeachta sin a chur chuig an Rannóg Acmhainní Daonna.

Uimhreacha Teagmhála

Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

www.tusla.ie

Tusla - Déan Teagmháil le hOibrí Sóisialta

Baile Átha Cliath Láir Theas Fón: 01 7955749

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,
Teach an Droichid,
Ospidéal Ghort na Silíní,
Baile Átha Cliath 10

Tuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath Fón: 01 8567704

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,
Ionad Sláinte Chnocán an Tobair,
Páirc Chnocán an Tobair,
Fionnghlas,
Baile Átha Cliath 11

Baile Átha Cliath Thoir Theas Fón: 01 9213400

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,
Aonad 9, Páirc Mhiondíola an Gharráin Chnó,
Baile an Teampaill,
Baile Átha Cliath 14

Baile Átha Cliath Thiar Theas Fón: (045) 839300

Foirgneamh 2, Ionad Cúraim Phríomhúil Vista,
Bóthar an Bhaile Mhóir,
An Nás,
Co. Chill Dara.
W91 HT2X

Baile Átha Cliath Thuaidh Fón: 01 8708000

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,
180-189 Céide Bhruach an Locha,
Páirc Ghnó Thaobh an Aerfoirt,
Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath.

<https://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/dublin>

Aon ní is údar imní a thagann chun solais taobh amuigh de na huaireanta oifige, ba cheart é a chur in iúl don Gharda Síochána:

www.garda.ie

Áirítear leis an reachtaíocht agus leis na treoirlínte a rialaíonn an beartas seo:

An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/1991/act/17/enacted/en/html>

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/49/enacted/en/html>

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Na hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 - 2016

An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf>

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018

Na hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2011)

[Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017](#)

Aguisín le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (Sábháilteacht ar Líne)*, 2019

Tusla - Foilseacháin agus Foirmeacha a bhaineann le 'Tús Áite do Leanaí':

<https://www.tusla.ie/children-first/>

Aguisín 1: Gníomhaíocht ar Líne

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do thimpeallachtaí foghlama atá slán sábháilte a chur ar fáil le foghlaim leanaí a spreagadh agus le tacú léi. Áirítear leis sin cuairteanna ar cheann ar bith dár bhfoirgnimh agus aon rud a dhéanann baill foirne dár gcuid ar líne le leanaí mar chuid d'imeachtaí teaghlaigh nó cláir scoile, m.sh. na meáin shóisialta agus uirlisí físchomhdhála ar nós Zoom.

Cuirimid gach gné dár mBeartas um Chosaint Leanáí i bhfeidhm ar gach idirghníomhaíocht le leanaí, ach aithnímid nach ionann na rioscaí agus muid ag feidhmiú ar líne. Tugaimid ár bhfocal dá réir sin go ndéanfaimid na bearta seo a leanas le teorainn a chur leis na rioscaí sin.

- Ní sheolfar naisc ach chuig na rannpháirtithe cláraithe i gcás imeachtaí teaghlaigh
- Ní sheolfar naisc ach chuig na múinteoirí i gcás imeachtaí scoile
- Ní roinnfear naisc in aon chás ar na meáin shóisialta, ar fhórait ar líne ná ar láithreáin ghréasáin
- Úsáidfead seomraí feithimh le cosc a chur ar úsáideoirí neamhchláraithe teagmháil a dhéanamh leis na leanaí, le cur isteach ó pháirtithe eile a sheachaint, agus le húsáid ábhar mí-oiriúnach nó gránna ag páirtithe eile a sheachaint
- I gcás seisiúin teaghlaigh, is baill foirne de chuid na Leabharlainne a bheidh i mbun an tseomra feithimh agus a fheidhmeoidh mar an t-óstach
- I gcás seisiúin teaghlaigh, is baill foirne de chuid na Leabharlainne a bheidh i mbun an tseomra feithimh agus a fheidhmeoidh mar an comhóstach má tá soláthraí seirbhíse eile ag glacadh páirt san imeacht freisin
- Caithfidh duine fásta a bheith i láthair in éineacht leis na leanaí ag imeachtaí teaghlaigh
- Caithfidh múinteoir a bheith i láthair ag seisiúin scoile agus is eisean nó ise a ligfidh daoine isteach sa seomra feithimh. Gníomhóidh sé nó sí mar chomhóstach, leis
- Déanfar úsáid ceamaraí, micreafóin agus feidhmeanna déanta comhrá ar líne soiléir tráth a ndéantar an áirithint
- Ní dhéanfar seisiúin a thairfeadh in aon chás ach amháin le cead follasach na rannpháirtithe agus na gcaomhnóirí
- Ní ghlacfar seatanna scáileáin in aon chás ach amháin le cead follasach na rannpháirtithe agus na gcaomhnóirí
- Déanfar gearáin nó ceisteanna a admháil agus déanfar plé leo de réir mar atá leagtha amach i gcuid 10

Aguisín 2: Foirm Theistiméireachta Taithí Oibre

Foirm Theistiméireachta Taithí Oibre

Tá curtha in iúl ag _____ go mbeadh spéis aige nó aici taithí oibre a dhéanamh le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus thug sé nó sí d'ainm mar mholtóir.

Bheadh an-chuid teagmhála le leanaí i gceist leis an bpost agus, mar eagraíocht atá tiomanta do leas agus cosaint leanaí, is mian linn a fháil amach an bhfuil cúis ar bith beo agat a mbeadh imní ort faoin iarratasóir seo a bheith i dteagmháil le leanaí agus daoine óga.

Tá _____ Níl _____ (cuir tic le ceann amháin)

Má tá, déanfaimid teagmháil leat faoi rún.

Má tá tú sásta an teistiméireacht seo a chomhlánú, coinneofar gach eolas atá ar an bhfoirm seo faoi rún agus ní roinnfear ach le maoirseoir díreach an iarratasóra é má thairgtear an post dó nó di. Bheimis buíoch díot dá bhféadfá a bheith thar a bheith macánta agus do thuairim faoin duine seo á nochtadh.

Cá fhad atá aithne agat ar an duine seo? _____

Cén cháil ina bhfuil aithne agat air nó uirthi? _____

Céard iad na tréithe atá ag an duine seo a fhágann gur duine oiriúnach é nó í le haghaidh na taithí oibre dar leat? _____

Cén cur síos a dhéanfa ar phearsantacht an duine?

Déan an duine a rátáil de réir na gcritéar seo a leanas

| | Lag | Measartha | Maith | An-mhaith | Iontach |
|----------------------------------|-----|-----------|-------|-----------|---------|
| Freagracht | | | | | |
| Aibíocht | | | | | |
| Féinspreagadh | | | | | |
| Cumas le daoine eile a spreagadh | | | | | |
| Fuinneamh | | | | | |
| Iontaofacht | | | | | |
| An féidir brath air/uirthi? | | | | | |

Síniú: _____ Dáta: _____

Gairm Bheatha: _____

Aguisín 3: Foirm Dhearbhaithe

Foirm Dhearbhaithe

Faoi Rún

Foirm dhearbhaithe dóibh siúd go léir atá le bheith ag plé le leanaí agus le daoine óga

Sloinne _____ **Céadainm** _____

Dáta Breithe _____ **Áit Bhreithe** _____

Seoladh: _____

Uimh. Fóin: _____ **Uimh. Fóin Póca:** _____

Aon ainm(neacha) eile a bhí ort roimhe seo: _____

An ann d'aon chúis a measfaí tú a bheith mí-oiriúnach le bheith ag plé le leanaí agus le daoine óga? Is ann _____ Ní ann _____ (cuir tic le ceann amháin)

Más ann, tabhair sonraí:

Ar ciontaíodh thú riamh i gcion coiriúil? Ciontaíodh ____ Níor ciontaíodh _____ (cuir tic le ceann amháin)

Má ciontaíodh, tabhair sonraí thíos faoi nádúr agus dáta an chiona/na gcionta:

Síniú: _____ **Dáta:** _____

Aguisín 4: Foirm Thuairiscithe Tusla maidir le Cosaint agus Leas Leanaí

Tabhair do d'aire: is féidir an fhoirm seo a íoslódáil go díreach ó láithreán gréasáin Tusla freisin:
https://www.tusla.ie/uploads/content/Child_Protection_and_Welfare_Report_Form_IRISH_FINAL.pdf

**Úsáid blocclitreacha agus an fhoirm seo á comhlánú agat.
 Caithfear na réimsí atá marcáilte le * (réiltín) a chomhlánú.**

| | |
|---|--|
| 1. Limistéar Tusla (seo an áit a bhfuil cónaí ar an leanbh)* | |
|---|--|

| | |
|------------------------------|--|
| 2. Dáta na Tuairisce* | |
|------------------------------|--|

3. Sonraí an Linbh

| | | | |
|------------------|--------------------------|--------------------------|--------------------------|
| Céadainm* | | Sloinne* | |
| Fireann* | <input type="checkbox"/> | Baineann* | <input type="checkbox"/> |
| Seoladh* | | Dáta Breithe* | |
| | | Aois Mheasta* | |
| | | Ainm na Scoile | |
| | | Seoladh na Scoile | |
| Éirchód | | | |

4. Sonraí maidir leis na nithe is údar imní*

Comhlánaigh an chuid seo a leanas leis an oiread sonraí agus is féidir faoin ní is údar imní nó faoin líomhain ar leith maidir le cosaint nó leas leanaí. Cuir san áireamh dátaí, amanna, sonraí faoinar tharla agus ainm aon duine a chonaic ar tharla. Cuir san áireamh dearcadh na dtuismitheoirí agus an linbh, más eol. Cuir leathanaigh bhreise faoi iamh, más gá

Féach 'Children First – A Guide for the Reporting of Child Protection and Welfare Concerns' ó Tusla le cúnamh breise a fháil leis na céimeanna le smaoineamh orthu agus tuairisc á tabhairt agat do Tusla

5. Cén sórt ní is údar imní é?

| | | | |
|--------------------------------|--------------------------|----------------------------|--------------------------|
| Leas Leanaí | <input type="checkbox"/> | | |
| Mí-Úsáid Mhothúcháinach | <input type="checkbox"/> | Mí-Úsáid Fhisiciúil | <input type="checkbox"/> |
| Faillí | <input type="checkbox"/> | Mí-Úsáid Ghnéis | <input type="checkbox"/> |

6. Sonraí an Tuairisceora

| | | | |
|---|--|-------------------------|--|
| Céadainm | | Sloinne | |
| Seoladh Más rud é go bhfuil an tuairisc á déanamh agat i gcáil ghairmiúil, úsáid do sheoladh gnó | | Eagraíocht | |
| | | Post | |
| | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| Éirchód | | Seoladh R-phoist | |

| | | | | |
|---|-------|--------------------------|--------|--------------------------|
| An Tuairisc Shainordaithe í seo atá á déanamh faoi bhun Alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015?* | Is ea | <input type="checkbox"/> | Ní hea | <input type="checkbox"/> |
| Cineál an Duine Shainordaithe | | | | |

7. Sonraí an duine/na ndaoine eile i gcás go bhfuil an tuairisc á déanamh ag níos mó ná duine amháin

| | | | |
|---|--|-------------------------|--|
| Céadainm | | Sloinne | |
| Seoladh Más rud é go bhfuil an tuairisc á déanamh agat i gcáil ghairmiúil, úsáid do sheoladh gnó | | Eagraíocht | |
| | | Post | |
| | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| Éirchód | | Seoladh R-phoist | |

| | | | |
|---|--|-------------------------|--|
| Céadainm | | Sloinne | |
| Seoladh Más rud é go bhfuil an tuairisc á déanamh agat i gcáil ghairmiúil, úsáid do sheoladh gnó | | Eagraíocht | |
| | | Post | |
| | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| Éirchód | | Seoladh R-phoist | |

8. Tuismitheoirí ar an Eolas faoin Tuairisc?

| | | | | |
|---|----|--------------------------|-----|--------------------------|
| An bhfuil tuismitheoirí/cúramóirí an linbh ar an eolas go bhfuil an ní seo is údar imní á thuairisciú do Tusla?* | Tá | <input type="checkbox"/> | Níl | <input type="checkbox"/> |
| Mura bhfuil an tuismitheoir/cúramóir ar an eolas, tabhair na cúiseanna: | | | | |

9. Caidrimh

| | | | |
|-------------------------|--|-------------------------|--|
| Sonraí na Máthar | | | |
| Céadainm | | Sloinne | |
| Seoladh | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| | | Seoladh R-phoist | |
| Éirchód | | | |

| | | | | |
|---|-------|--------------------------|--------|--------------------------|
| An Caomhnóir Dlíthiúil í an Mháthair?* | Is ea | <input type="checkbox"/> | Ní hea | <input type="checkbox"/> |
|---|-------|--------------------------|--------|--------------------------|

| | | | |
|------------------------|--|-------------------------|--|
| Sonraí an Athar | | | |
| Céadainm | | Sloinne | |
| Seoladh | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| | | Seoladh R-phoist | |
| Éirchód | | | |

| | | | | |
|--|-------|--------------------------|--------|--------------------------|
| An Caomhnóir Dlíthiúil é an tAthair?* | Is ea | <input type="checkbox"/> | Ní hea | <input type="checkbox"/> |
|--|-------|--------------------------|--------|--------------------------|

10. Comhdhéanamh an Teaghlaigh

| Céadainm | Sloinne | Caidreamh | Dáta breithe | Aois Mheasta* | Eolas Breise m.sh. scoil, slí bheatha, eile |
|-----------------|----------------|------------------|---------------------|----------------------|--|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

| | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|
| | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|

11. Sonraí maidir leis an Duine/na Daoine a Líomhnaítear atá ag Déanamh Díobhála

| | | | |
|----------------------|--------------------------|-------------------------|--------------------------|
| Céadainm* | | Sloinne* | |
| Fireann* | <input type="checkbox"/> | Baineann* | <input type="checkbox"/> |
| Seoladh | | Dáta breithe | |
| | | Aois Mheasta* | |
| | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| Éirchód | | Seoladh R-phoist | |
| Gairm Bheatha | | Eagraíocht | |
| Post | | | |

| | |
|--|--|
| Gaol leis an Leanbh | |
| Seoladh tráth ar tharla an teagmhas líomhnaithe | |
| Mura bhfuil an t-ainm ar eolas, tabhair cúis | |

| | | | |
|----------------------|--------------------------|-------------------------|--------------------------|
| Céadainm* | | Sloinne* | |
| Fireann* | <input type="checkbox"/> | Baineann* | <input type="checkbox"/> |
| Seoladh | | Dáta breithe | |
| | | Aois Mheasta* | |
| | | Uimhir Fóin Póca | |
| | | Uimhir Fóin | |
| Éirchód | | Seoladh R-phoist | |
| Gairm Bheatha | | Eagraíocht | |
| Post | | | |

| | |
|--|--|
| Gaol leis an Leanbh | |
| Seoladh tráth ar tharla an teagmhas líomhnaithe | |
| Mura bhfuil an t-ainm ar eolas, tabhair cúis | |

12. Ainm agus seoladh eagraíochtaí, pearsanra nó gníomhaireachtaí eile is eol a bhfuil nó a raibh baint acu leis an Teaghlach

| Gairm bheatha | Céadainm | Sloinne | Seoladh | Uimhir Theagmhála | Teagmháil le Déanaí m.sh. 3/6/9 mí ó shin |
|----------------------|-----------------|----------------|----------------|--------------------------|--|
| Oibrí Sóisialta | | | | | |
| Altra Sláinte Poiblí | | | | | |
| Dochtúir Teaghlaigh | | | | | |
| Ospidéal | | | | | |
| Scoil | | | | | |
| Gardaí | | | | | |
| Naíonra | | | | | |
| Eile | | | | | |

13. Aon fhaisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear aon teagmháil roimhe seo leis an leanbh nó leis an teaghlach

| |
|--|
| |
|--|

Cinntigh go bhfuil curtha in iúl agat i gcuid 6 cibé acu is tuairisc shainordaithe í seo nó nach ea.

Go raibh maith agat as ucht an fhoirm thuairiscithe seo a chomhlánú.

Agus an fhoirm thuairiscithe seo á comhlánú agat, tá sonraí á gcur ar fáil agat maidir leatsa féin agus maidir le daoine eile. Tagann sonraí amhail ainm, seoladh agus dáta breithe faoin sainmhíniú a thugtar ar 'Shonraí Pearsanta' sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Faoi na hAchtanna sin, tá sé de fhreagracht ar Tusla ina cháil mar Rialaitheoir Sonraí, i measc rudaí eile, na sonraí seo a fháil agus a phróiseáil go cothrom; iad a choinneáil slán sábháilte; agus iad a choinneáil chun críoch dhleathach shonraithe. Is é an chríoch áirithe atá i gceist ná an fhreagracht reachtúil atá orainn de bhun an Achta um Chúram Leanáí, 1991 le cosaint agus leas leanáí a chur chun cinn. Féadfaidh Tusla, agus measúnú á dhéanamh ar an tuairisc seo, sonraí pearsanta den sórt sin a nochtadh do ghníomhaireachtaí eile, an Garda Síochána ina measc. Is féidir tuilleadh sonraí faoi fhreagrachtaí Tusla mar Rialaitheoir Sonraí agus faoi do chearta mar Dhuine is Ábhar do na Sonraí a fháil ar ár láithreán, www.tusla.ie. Toisc go bhfuil tú ag tabhairt Sonraí Pearsanta maidir le daoine eile, is Próiseálaí Sonraí thú. Iarraimid ort gan ach na sonraí sin atá riachtanach le haghaidh na tuairisce a chur ar fáil agus an tuairisc seo agus na Sonraí Pearsanta atá inti a chosaint ó rochtain neamhúdairithe, nochtadh, milleadh nó cailteanas tionóisceach.

14. Le comhlánú ag duine údaraithe de chuid Tusla ar fháil na tuairisce dó

| | | | | |
|----------------------------|--|----------------|--|-------------|
| Tuairisc faighte ag | | | | |
| Céadainm | | Sloinne | | Dáta |

| | | | | |
|--|--|----------------|--|--------------------|
| Tuairisc shainordaithe admhaithe ag | | | | |
| Céadainm | | Sloinne | | Dáta Seolta |

| | |
|-------------------------------|--|
| Síniú Duine Údaraithe* | |
| Dáta* | |

| | | | | |
|--|-----|--------------------------|----------|--------------------------|
| Aithne ar an leanbh roimhe seo? | Bhí | <input type="checkbox"/> | Ní raibh | <input type="checkbox"/> |
| Uimh. Cháis | | | | |